Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Aibreán 2026
(OR. en)

8148/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0075(NLE)

POLCOM 133

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE CETA a mhéid a bhaineann le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta |

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. …/2026**
**Ó CHOMHCHOISTE CETA**

**an …**

**a mhéid a bhaineann le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta**

TÁ COMHCHOISTE CETA,

Ag féachaint d'Airteagal 26.1 den Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 30 Deireadh Fómhair 2016 ('an Comhaontú'),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi fhorálacha Airteagal 30.7.3(a) den Chomhaontú, tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 21 Meán Fómhair 2017 ann.

(2) Foráiltear le hAirteagal 26.1.5(c) den Chomhaontú go bhféadfaidh Comhchoiste CETA leasuithe a mheas nó a chomhaontú mar a fhoráiltear sa Chomhaontú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 30.2(2) den Chomhaontú go bhféadfaidh Comhchoiste CETA a chinneadh na prótacail agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(4) Foráiltear le míreanna 5 agus 6 d'Airteagal 15 den Phrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta ('an Prótacal') go bhfuil an Grúpa Comhpháirteach Earnála le hathbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme oibríochtúil táirgí íocshláinte nó drugaí faoi mhír 2 d'Iarscríbhinn 1, d'fhonn na táirgí íocshláinte nó na drugaí sin a liostaítear i mír 1 d'Iarscríbhinn 1 a áireamh.

(5) Rinne an Coimisiún Eorpach agus Health Canada meastóireachtaí ar na cláir is infheidhme de chuid Cheanada agus an Aontais maidir le Dea-Chleachtais Mhonaraíochta le haghaidh comhábhair ghníomhacha chógaisíochta agus tháinig siad ar an gconclúid go bhfuil a gcreat rialála agus forfheidhmiúcháin sa réimse sin coibhéiseach lena chéile.

(6) Dá bhrí sin, ar mholadh ón nGrúpa Comhpháirteach Earnála do Chomhchoiste CETA, ba cheart an Prótacal a leasú trí chomhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal.

(7) Ní gá aon nós imeachta eile faoi dhlíchóras an Aontais Eorpaigh chun go dtiocfaidh an Chinnidh seo i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Raon feidhme oibríochtúil táirgí íocshláinte nó drugaí*

Maidir le mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta, leasófar í mar a leanas:

(a) ag deireadh na hiontrála le haghaidh phointe (f), bainfear an focal 'agus';

(b) ag deireadh na hiontrála le haghaidh phointe (g), cuirfear '; agus' in ionad an lánstad; agus,

(c) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh phointe (g), cuirfear isteach an iontráil seo a leanas: '(h) comhábhair ghníomhacha chógaisíochta.'.

*Airteagal 2*

*Stádas dlíthiúil an leasaithe*

Ar theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, déanfar cuid den Phrótacal den leasú a leagtar amach in Airteagal 1. Aithníonn na Páirtithe, ós rud é go gcuirtear an Comhaontú, lena n-áirítear an Prótacal, i bhfeidhm go sealadach, go gcuirfear an leasú i bhfeidhm go sealadach freisin go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm.

*Airteagal 3*

*Téacsanna barántúla*

Déantar an Cinneadh seo a tharraingt suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

*Airteagal 4*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis do Cheanada fógra i scríbhinn a thabhairt don Aontas Eorpach lena ndeimhnítear go bhfuil a cheanglais agus a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm tugtha chun críche aige.

Arna dhéanadh in/sa …, …

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*Na Comhchathaoirligh*